



PREASEISIÚINT Uimh. 104/26

Lucsamburg, 16 Iúil 2026

Breithiúnas na Cúirte i gCásanna Uamtha C-258/23 | Imagens Médicas Integradas, C-259/23 | Synlabhealth II agus C-260/23 | SIBS – Sociedade Gestora de Participações Sociais agus páirtithe eile

Iniúchtaí ag údarás iomaíochta: Ní chuirtear cosc le dlí an Aontais ar ríomhphoist ghairmiúla a mhalartaítear idir fostaithe agus bainisteoirí gnóthais atá faoi imscrúdú a urghabháil, gan réamhúdarú ó chúirt

Mar sin féin, ní mór foráil a dhéanamh sa dlí náisiúnta maidir le creat dian do chumhachtaí an údaráis iomaíochta agus maidir le coimircí cuí agus leordhóthanacha i gcoinne mí-úsáid agus treallachais, go háirithe trí bhíthin athbhreithniú breithiúnach éifeachtach ina dhiaidh sin

I gcomhthéacs imscrúdú ar chleachtais fhrithiomaíocha, d'urghabh údarás iomaíochta na Portaingéile ríomhphoist a malartaíodh idir fostaithe na gcuideachtaí sin ag áitribh na gcuideachtaí atá i gceist. Chuir siad i gcoinne urghabháil ríomhphost, agus d'áitigh siad gur cheart é a bheith údaraithe ag breitheamh imscrúdaithe seachas ag Oifig an Ionchúisitheora Phoiblí. Chuir cúirt na Portaingéile a scrúdaigh na cásanna an t-ábhar faoi bhráid na Cúirte Breithiúnais.

Measann an Chúirt gur teorainneacha iad na hurghabhálacha a rinneadh ní hamháin ar an gceart go ndéanfar an saol príobháideach agus saol an teaghligh a urramú, ach freisin ar an gceart go ndéanfar sonraí pearsanta a chosaint. Is cosúil, áfach, go bhfuil údar maith leis na teorainneacha sin mar gheall ar chuspóir an leasa ghinearálta maidir le hiomaíocht neamhsaofa a chaomhnú. Is cosúil freisin go bhfuil siad comhréireach. Dá bhrí sin, **ní chuirtear cosc le dlí an Aontais, i bprionsabal, ar reachtaíocht Bhallstáit faoina ndéanann an t-údarás iomaíochta náisiúnta, i gcomhthéacs imscrúdú ar sháru líomhnaithe ar na rialacha iomaíochta, ar áitribh ghnó nó tráchtála, ríomhphoist a bhfuil a n-inneachar ábhartha do chuspóir an iniúchta a urghabháil, gan réamhúdarú a fháil ó chúirt.**

Mar sin féin, in éagmais réamhúdarú arna eisiúint ag cúirt, ní mór **foráil a dhéanamh** maidir le hurghabhálacha den sórt sin **le dlí, iad a theorannú go docht agus iad a bheith faoi réir athbhreithnithe breithiúnaigh iomláin ina dhiaidh sin.** Ina theannta sin, i gcás ina n-urghabhfar doiciméid ó fhóin phóca, ríomhairí nó aon mheán ríomhaireachta eile a úsáidtear chun críocha príobháideacha agus gairmiúla araon, **d'fhéadfaidh rochtain ar na sonraí atá iontu a bheith ina cur isteach tromchúiseach, nó fiú an-tromchúiseach, ar na cearta bunúsacha atá i gceist.** I gcás den sórt sin, **ní mór rochtain ar na sonraí sin a bheith faoi réir athbhreithniú roimh ré ag cúirt nó ag comhlacht riaracháin neamhspleách.**

I gcomhthéacs imscrúdú ar sháruithe ar dhlí na hiomaíochta, ¹ d'urghabh údaráis na Portaingéile doiciméid ghnó ó na ríomhphoist a mhalartaítear idir fostaithe agus bainisteoirí na gcuideachtaí i gceist. Chuir na cuideachtaí ina aghaidh, ag áitiú gur sáraíodh a gceart maidir le rúndacht na gcumarsáidí ² agus gurbh é an breitheamh imscrúdaithe, seachas Oifig an Ionchúisitheora Phoiblí, ar cheart a bheith ag údarú a leithéid d'urghabhálacha.

Iarrann cúirt na Portaingéile a scrúdaíonn na cásanna ar an gCúirt Bhreithiúnais, go bunúsach, an raibh an t-údarú a d'eisigh Oifig an Ionchúisitheora Phoiblí leordhóthanach.

Ar an gcéad dul síos, measann an Chúirt go dtagann **ríomhphoist a bhaineann leis an obair** a mhalartaítear idir fostaithe agus bainisteoirí gnóthais trí sheirbhís teachtaireachtaí an ghnóthais sin, **faoi raon feidhme na gcumarsáidí a**

chosnaítear leis an gceart go ndéanfar an saol príobháideach agus saol an teaghlaigh a urramú. Cé gur féidir ríomhphost a aicmiú mar rud ‘a bhaineann leis an obair’, i bhfianaise a fhoirme nó a ábhair, ní chiallaíonn sé sin go mbaintear an chosaint sin de.

Ansin, leagann an Chúirt béim ar an bhfíric **go bhféadfadh baint a bheith ag** urghabháil na ndoiciméad atá i gceist ag údarás iomaíochta na Portaingéile **ní hamháin leis an gceart chun meas ar chumarsáidí, ach leis an gceart chun cosaint sonraí pearsanta freisin.** ³ I ndáil leis sin, tugann sí faoi deara gur léir gur **teorainneacha ar fheidhmiú** na gceart sin é urghabhálacha ríomhphost a dhéantar le linn iniúchtaí ar áitreabh gnó.

Mar sin féin, meabhraíonn an Chúirt go bhféadfadh teorainneacha den sórt sin a cheadú má fhoráiltear dóibh leis an dlí, má urramaítear leo inneachar sár-riachtanach na gceart lena mbaineann, má chomhlíontar leo cuspóirí leasa ghinearálta agus má tá siad comhréireach.

Measann an Chúirt **gur cosúil go gcomhlíontar na coinníollacha sin sa chás seo.** Tugann sí faoi deara, go háirithe, **nach bhfuil rochtain neamhtheoranta agus ghinearálaithe** ag na húdaráis ar inneachar ríomhphost agus teachtaireachtaí leictreonacha, agus **nach féidir na sonraí** atá sna teachtaireachtaí **a úsáid chun críoch eile seachas an t-iompar frithiomaíoch atá faoi imscrúdú a shainaitheint**, agus mar thoradh air sin gur cosúil go n-urramaítear bunbhí na gceart. Measann sí gur **cuspóir leasa ghinearálta arna aithint ag an Aontas Eorpach é iomaíocht neamhsaofa a áirithiú.**

Maidir le comhréireacht an bhirt, measann an Chúirt freisin **go bhféadfadh** tábhacht an **chuspóra** sin **údar a thabhairt le cur isteach ar na cearta atá i gceist agus nach bhfuil aon bhealach eile**, atá chomh héifeachtach céanna agus nach ndéanann an dochar céanna do na cearta sin, ina **rogha mhalartach shásúil.** Maidir le comhréireacht an teorannaithe ar fheidhmiú na gceart atá i gceist, go sonrach **a thromchúisí atá sé**, a eascraíonn as an bhfíoras gur tharla an urghabháil gan réamhúdarú a fháil ó chúirt, tugann an Chúirt faoi deara **go bhfuil urghabháil den sórt sin faoi réir coimircí nós imeachta go ginearálta** arb é is aidhm dóibh, *inter alia*, slándáil, sláine agus rúndacht na sonraí sin a áirithiú. Thairis sin, **ní cheanglaítear** le forálacha **dhlí an Aontais** a bhaineann le cur chun feidhme na rialacha iomaíochta **ar chúirt réamhúdarú a dheonú** le haghaidh iniúchadh a dhéantar ar áitribh ghnó.

Cuireann an Chúirt in iúl, áfach, **in éagmais réamhúdarú arna eisiúint ag cúirt**, go n-éilítear **creat dlíthiúil agus teorannú docht ar na bearta atá i gceist** chun daoine aonair a chosaint ar mhí-úsáid agus ar threallachas, chomh maith le ráthaíochtaí i bhfoirm **athbhreithniú breithiúnach iomlán ina dhiaidh sin.** Cuireann an Chúirt in iúl freisin, sna cásanna a scrúdaíodh, gur údaraigh Oifig Ionchúisitheoir Poiblí na Portaingéile, ar údarás breithiúnach uathrialach í, na hiniúchtaí agus na hurghabhálacha. Is cosúil gur dócha go gcuirfidh a údarú leis an gcreat dlíthiúil docht le haghaidh na n-iniúchtaí agus na n-urghabhálacha a dhéantar, go háirithe maidir le hoiriúnacht, fad agus raon feidhme ábhartha na n-iniúchtaí agus na n-urghabhálacha sin a chinneadh.

Ar deireadh, leagann an Chúirt forchoimeádas amach: ní féidir a chur as an áireamh go raibh **fóin phóca, ríomhairí nó aon mheán ríomhaireachta eile de chuid bhainisteoirí agus fhostaithe na ngnóthas** atá faoi imscrúdú i measc na meán inar stóráladh na ríomhphost atá i gceist agus a raibh na hiniúcháirí in ann rochtain a fháil orthu. Ós rud é gur féidir gléasanna den sórt sin a úsáid go comhuaineach chun críoch príobháideach agus chun críoch gairmiúil nó tráchtála, **d’fhéadfadh rochtain ar na sonraí a choinnítear iontu a bheith ina cúis le cur isteach tromchúiseach, nó fiú an-tromchúiseach, ar na cearta bunúsacha atá i gceist**, ós rud é go gceadóidh na sonraí sin go léir tátal an mhionsonraithe a bhaint maidir le saol príobháideach an duine lena mbaineann. Más amhlaidh an cás, **ní mór sn rochtain ar na sonraí sin a bheith faoi réir athbhreithniú roimh ré ag cúirt nó ag comhlacht riaracháin neamhspleách** a bhfuil na cumhachtaí agus na ráthaíochtaí go léir is gá acu chun go n-áirithítear comhréiteach idir na leasanna agus na cearta dlísteanacha éagsúla atá i gceist.

NÓTA: Leis an tarchur chun réamhrialú, cuirtear ar chumas do chúirteanna agus binsí na mBallstát, i gcomhthéacs díospóid os a gcomhair, ceisteanna maidir le léirmhíniú ar dhlí an Aontais Eorpaigh nó bailíocht gnímh de chuid na Aontais a tharchur chun na Cúirte Breithiúnais. Ní chinneann an Chúirt Bhreithiúnais an díospóid náisiúnta. Is faoin gcúirt nó binse náisiúnta atá sé an cás a chinneadh i gcomhréir leis an mbreith ón gCúirt Bhreithiúnais. Tá an bhreith sin ina ceangal, ar an

gcaoi chéanna, ar chúirteanna agus binsí náisiúnta eile a n-ardaítear saincheist chomhchosúil os a gcomhair.

Doiciméad neamhoifigiúil le húsáid ag na meáin, nach bhfuil ina cheangal ar an gCúirt Bhreithiúnais.

Foilsítear [téacs iomlán agus, i gcás inarb infheidhme, achoimre](#) ar an mbreithiúnas ar shuíomh gréasáin CURIA lá na fógartha.

Teagmhálaí preasa: Jacques Zammit ☎ (+352) 4303 3355.

Tá íomhánna de chraoladh an bhreithiúnais ar '[Europe by Satellite](#)' ☎ (+32) 2 2964106.

Fanaigí i dteagmháil linn!



¹ Go sonrach, bhain na himscrúduithe sin, faoi seach, le cleachtas comhbheartaithe féideartha idir gnóthais as ar eascair méadú ar phraghsanna soláthair seirbhísí teilearaideolaíochta d'ospidéil atá mar chuid den tseirbhís sláinte náisiúnta (Cás C-258/23), cairtéal féideartha a bhaineann le praghsanna tástálacha 'Covid-19' a iarradh ar údarais sláinte poiblí na Portaingéile (Cás C-259/23) agus amhras faoi mhí-úsáid ceannasachta i réimse na próiseála íocaíochta (Cás C-260/23).

² De réir Airteagal 7 den Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh, 'Tá ag gach duine an ceart go ndéanfar a shaol nó a saol príobháideach agus a shaol nó a saol teaghlaigh, a chónaí nó a cónaí agus a chumarsáidí nó a cumarsáidí a urramú.'

³ Arna gcosaint ag Airteagal 8 den Chairt um Chearta Bunúsacha.